**PLEAN CEACHTA 2: CEIST a roghnú**

ACMHAINNÍ AR FÁIL: PowerPoint 1 & Bileog Oibre 2

AM RANGA: 50-60 nóim

Dáta:

Ábhar: SESE

Sraith:

Rang

Scileanna Eolaíochta: Ceistiú, Fiosrú, Pleanáil

| Cuspóirí Foghlama | Gníomhaíochtaí Foghlama | Acmhainní |
|---|---|---|
| Faigh amach Foghlaim le fadhbanna a réiteach trí chomhoibriú | **Seisiún Tobsmaointeoireachta (15 nóim)**<br>Eagraigh an rang de réir **grúpaí cumais measctha de 4-6 gasúr.** Fógair an 3 **smaoineamh, dar leat, a bhfuil an chosúlacht is fearr orthu.** Cuir dúshlán roimh gach grúpa na ceisteanna a phlé agus tobsmaointeoireacht a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí / turgnaimh a d'fhéadfaidís a dhéanamh chun freagra a fháil. Féadfaidh tú róil a thabhairt do gach grúpa (duine chun a gcuid smaointe a thaifeadadh, duine chun a chinntiú go bhfaigheann gach duine deis labhartha, duine le labhairt thar ceann an ghrúpa sa seisiún aiseolais srl.) | Tograí ceiste a cruthaíodh i gCeacht 1<br><br>Sleamhnán 4 PowerPoint |
| Foghlaim le buanna smaointe daoine eile a scrúdú | **Seisiún Aiseolais (10 nóim)**<br>Is é cuspóir an tseisiúin seo ná go gcloisfidh na páistí réimse smaointe a thabharfaidh léargas dóibh ar an imscrúdú is mó a thaitneoidh leo. Tabhair am do gach grúpa a gcuid smaointe a chur ar ais chuig an rang **i mbeagán focal.** D'fhéadfá smaointe breise a chur san áireamh agus ceisteanna a chur. | Céim 1 |
| Foghlaim le cinntí a dhéanamh go daonlathach | **Vótáil (5 nóim)**<br>Tar éis dóibh na smaointe go léir a chloisteáil iarr ar an rang vótáil ar an gceist ar mhaith leo a chur. Déan é seo trí chomhaireamh lámh nó le ballóid rúnda má tá am agat. | Sleamhnán 3 PowerPoint Céim 1 |
| Foghlaim faoin luach a bhaineann le smaointe-oireacht chomhoibríoch | **Pleanáil Tosaigh (20 - 30 nóim)**<br>**Tá ceist agat anois don imscrúdú!**<br>Tabhair Bileog Oibre 2 do gach grúpa agus iarr orthu smaoineamh níos mionsonraithe a dhéanamh ar an gceist seo. Abair leo go dteastaíonn go leor smaointe uait chun plean a chur le chéile.<br>Tabhair spreagadh dóibh na smaointe a phléigh siad agus a chuala siad ó dhaoine eile a úsáid. Iarr orthu aontú (taobh istigh dá ngrúpa) ar na gníomhaíochtaí a d'fhéadfaí a dhéanamh. An bhfuil aon rud ann a chaithfear a thógáil nó a dhearadh? Cén cineál trealaimh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil uathu chun é seo a dhéanamh? Arís, ná bí ag súil go mbeidh pleananna ina dtograí nithiúla nó inoibrithe go hiomlán ag an bpointe seo.<br>Roghanna: D'fhéadfá obair bhaile a dhéanamh den ghníomhaíocht seo inar féidir le gasúir comhairle a fháil sa bhaile / smaointe Google a fháil ar an ábhar. D'fhéadfaí iad seo a chur ar fáil don rang sa chéad seisiún eile.<br>**Bailigh Bileog Oibre 2 mar thaifead ar na smaointe go léir.** | Bileog Oibre 2<br><br>Céim 1 |
|  | **Measúnú Riosca agus Beartú Tosaíochta:**<br>Roghnaigh ábhar gníomhaíochta indéanta (agus sábháilte) bunaithe ar ábhar bhileog oibre 2, agus an plé ranga. Aimsigh bealaí chun an rannpháirtíocht is mó a spreagadh agus aimsigh rudaí gur féidir a chainníochtú agus a thomhas. |  |

ESB SCIENCE BLAST DELIVERED BY THE RDS



Tá an CHEIST againn...

# Cad a dhéanfaimid anois?

An smaoineamh atá againn le haghaidh turgnaimh...



An trealamh a bheadh ag teastáil uainn...

Ainmneacha: